# Fógra maidir le tionscadal beartaithe de bhun Rialachán 42(13) de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (S.I. Uimh. 477 de 2011)[1]

## I. Suíomh, cineál agus fairsinge na n-oibreacha beartaithe

Tá suíomhanna, cineálacha agus méid na ngnáthoibreacha cothabhála droichid atá beartaithe liostaithe i dTábla 1 thíos. Tá sonraí breise ar chineál agus ar mhéid na n-oibreacha cothabhála droichid molta *le fáil in TO 334 Munster Bridges Term Maintenance 4 – Natura Impact Statement for Munster Bridges (2023, Year 1) (Revision 2, WS Atkins Ireland Limited, 12th February 2024).*

## I. Na cinntí féideartha

Cinnfidh Bonneagar Iompair Éireann de bhun Rialachán 42(11) de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (S.I. Uimh. 477 de 2011) agus Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga maidir le cibé an ndéanfadh nó nach ndéanfadh na hoibreacha cothabhála frithghníomhacha droichid drochthionchar ar shláine láithreáin Eorpaigh.

## II. Cá háit agus cén uair is féidir na doiciméid a fheiceáil

Is féidir an Ráiteas Tionchair Natura agus léarscáil an tionscadail atá beartaithe a bhreathnú ar líne ar shuíomh gréasáin Bhonneagar Iompair Éireann (https://www.tii.ie/).

Is féidir an Ráiteas Tionchair Natura agus léarscáil an tionscadail bheartaithe a bhreathnú saor in aisce agus ní mór duit coinne a dhéanamh ag oifigí Bhonneagar Iompair Éireann ag an seoladh seo a leanas:

Ionad Gnó Gheata na Páirce,<br>
Sráid Gheata na Páirce,<br>
Baile Átha Cliath 8,<br>
D08 DK10,<br>
Éire.

Is féidir coinní le haghaidh breathnú a shocrú trí scríobh chuig an seoladh poist thuas nó ríomhphost a sheoladh chuig: EnvironmentalPolicyCompliance@tii.ie

Is féidir an Ráiteas Tionchair Natura agus léarscáil den tionscadal atá beartaithe a cheannach freisin ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann lena leithéid a chur ar fáil. Is féidir iarratais ar chóipeanna crua a cheannach a dhéanamh chuig na seoltaí ríomhphoist agus poist thuas.

## III. Féadfaidh duine aighneachtaí nó tuairimí a chur faoi bhráid an údaráis phoiblí laistigh de 30 lá ó dháta an fhógra

Féadfaidh an pobal aighneachtaí nó tuairimí a dhéanamh i scríbhinn maidir leis an tionscadal atá beartaithe (laistigh de 30 lá ó dháta an fhógra seo) chuig Bonneagar Iompair Éireann.

Is féidir aighneachtaí nó tuairimí a sheoladh trí ríomhphost chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas: EnvironmentalPolicyCompliance@tii.ie

Nó is féidir aighneachtaí nó tuairimí a sheoladh tríd an bpost chuig:

An Rannóg um Beartas Comhshaoil agus Comhlíonadh,<br>
Bonneagar Iompair Éireann,<br>
Ionad Gnó Gheata na Páirce,<br>
Sráid Gheata na Páirce,

[1] Rialachán 42(13) de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (S.I. Uimh. 477 de 2011), arna ionadú le Rialachán 6(b) de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) (Leasú), 2021 S.I. Uimh. 293 de 2021.

Baile Átha Cliath 8
D08 DK10
Éire.

## IV. Sonraí eile maidir le rannpháirtíocht an phobail

Tabharfaidh Bonneagar Iompair Éireann aird ar aighneachtaí nó tuairimí ar bith a gheofar ón bpobal.

Déanfar sonraí pearsanta a thugtar in aighneachtaí nó tuairimí a phróiseáil de réir Fhógra Cosanta Sonraí TII atá ar fáil ar www.tii.ie.

Féadfar aighneachtaí nó tuairimí a chur ar aghaidh chuig ár soláthraithe seirbhíse tríú páirtí, lena n-áirítear Atkins, ionas go ndéanfaí anailísiú, breithniú agus freagairt orthu. Féadfar anailís, breithniú agus freagairt den sórt sin a dhoiciméadú.

## V. Aon fhaisnéis eile a mheasann an t-údarás poiblí a bheith ábhartha

D'fhéadfadh roinnt faisnéise atá sa Ráiteas Tionchair Natura, dá gcuirfí ar fáil go poiblí é, a bheith ina riosca do chaomhnú speiceas nó gnáthóg faoi chosaint. Ar an gcúis seo, tá an fhaisnéis seo curtha in eagar. Tá sonraí pearsanta curtha in eagar freisin de bhun cheanglais an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Dáta: 21 Feabhra 2024.

*Tábla 1 - Suíomh, cineál agus fairsinge na n-oibreacha beartaithe*

| Contae | Aitheantas an Struchtúir | Baile Fearainn | 01, 04 | 3 | 30 - 35 | 60, 61 | 44,45,47 | 50 | 52.99 | 56.57 | 54, 55 | 99 | 59 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Oibreacha ar Leaba Abhann | Fásra a bhaint de | Draenacha & lintéir a ghlanadh | Athphointeáil/Deisiú Saoirseachta | Obair Struchtúrtha Claífoirt | Deisiúcháin Coincréite | Píobáil Ardbhrú | Bunchosaint a bhunú/a chothabháil | Deisiúchán ar uchtbhalla | Ilghnéitheach | Graifítí a bhaint de |
| Contae Chorcaí | CC-N25-004 00 | Gairdíní Chill Ia | Tá | Tá | Tá | Tá | | | | | | | |
| Contae Chorcaí | CC-N72-001 00 | Ag roinnt teorann le Nuachabháil Uí Dhálaigh agus an Sionnach | Tá | Tá | | Tá | | | | | | | |
| Contae Chorcaí | CC-N72-004 00 | Ag roinnt teorann le hÁthán Íochtarach agus Cnoicín na gCaorach | | Tá | | Tá | | Tá | | | | | |
| Contae Chorcaí | CC-N72-014 00 | An Phailís | Tá | Tá | | | Tá | | | | Tá | | |
| Contae Chorcaí | CC-N72-015 00 | An Carragán | | Tá | Tá | Tá | | | | | | | |
| Contae Chorcaí | CC-N72-019 00 | Baile na Giúise Thiar | Tá | Tá | | Tá | | | | | | | |
| Contae Chorcaí | CC-N72-030 00 | Ag roinnt teorann le Slí Mheánach agus Caisleán Widenham agus Baile Aidín | Tá | Tá | | Tá | | | | | | | |
| Contae Chorcaí | CC-N72-030 90 | Mainistir Fhear Maí | Tá | Tá | | Tá | | | | | | | Tá |
| An Clár | CL-N67-001 00 | A g roinnt teorann le Barrán Íochtarach agus Poll na Daraí agus Dún na gCorróg | | Tá | Tá | Tá | | | | Tá | | Tá | |
| An Clár | CL-N67-008 00 | Dumhach | | Tá | | | | Tá | | | | | |
| Ciarraí | KY-N22-013 00 | A roinnt teorann le Cúil Bhábhúin agus Léim na Gaibhle | | Tá | Tá | Tá | Tá | | | Tá | | | |

| Contae | Aitheantas an Struchtúir | Baile Fearainn | 01, 04 | 3 | 30 - 35 | 60, 61 | 44,45,47 | 50 | 52.99 | 56.57 | 54, 55 | 99 | 59 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Oibreacha ar Leaba Abhann | Fásra a bhaint de | Draenacha & lintéir a ghlanadh | Athphointeáil/Deisiú Saoirseachta | Obair Struchtúrtha Claífoirt | Deisiúcháin Coincréite | Píobáil Ardbhrú | Bunchosaint a bhunú/a chothabháil | Deisiúchán ar uchtbhalla | Ilghnéitheach | Graifítí a bhaint de |
| Ciarraí | KY-N22-019 00 | Ag roinnt teorann le Baile Uí Chaisín agus Lios Uí Bhigín | Tá | Tá | | Tá | | | | | | | |
| Ciarraí | KY-N22-021 00 | Ag roinnt teorann leis an Seancheárta agus an Clochán | | Tá | Tá | | Tá | | | | | Tá | |
| Ciarraí | KY-N22-025 00 | An Roisín Beag | | Tá | Tá | | Tá | Tá | | | Tá | | |
| Ciarraí | KY-N22-027 00 | Ag roinnt teorann leis an gCillín agus Drom an Bhráca agus Com an Chuilinn | | Tá | | Tá | | | | Tá | | Tá | |
| Ciarraí | KY-N22-029 00 | Ag roinnt teorann le Doire Aimhréidh agus Coimín an Bhroic | Tá | Tá | | Tá | | | | | | Tá | |
| Ciarraí | KY-N69-017 00 | Baile Ghrianáin | Tá | Tá | Tá | Tá | | | Tá | Tá | | | Tá |
| Ciarraí | KY-N70-021 00 | Ag roinnt teorann le Baile na Cille Íochtarach agus an Chúil Rua Íochtarach agus an Drom | Tá | Tá | | Tá | | | | Tá | | | |
| Ciarraí | KY-N70-039 00 | Ag roinnt teorann leis an mBaile Breac agus an Coireán agus Baisleacán | | Tá | Tá | | | | | Tá | | | |
| Ciarraí | KY-N70-052 60 | Ag roinnt teorann leis an Dún agus Doirín an Phoill | | Tá | | Tá | | | | | | | |
| Ciarraí | KY-N72-006 00 | Carraigín Coille | Tá | Tá | Tá | Tá | | Tá | | | | | |
| Ciarraí | KY-N72-007 00 | Ag roinnt teorann le Cnoc an Imris agus Cnoicín na nGamhan agus Cnoc an Arbhair | Tá | Tá | Tá | | | Tá | | | Tá | | |
| Ciarraí | KY-N72-010 00 | Ag roinnt teorann leis an Ré Dhronnach | | Tá | | Tá | Tá | | | | | | |

| Contae | Aitheantas an Struchtúir | Baile Fearainn | 01, 04 | 3 | 30 - 35 | 60, 61 | 44,45,47 | 50 | 52.99 | 56.57 | 54, 55 | 99 | 59 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Oibreacha ar Leaba Abhann | Fásra a bhaint de | Draenacha & lintéir a ghlanadh | Athphointeáil/Deisiú Saoirseachta | Obair Struchtúrtha Claífoirt | Deisiúcháin Coincréite | Píobáil Ardbhrú | Bunchosaint a bhunú/a chothabháil | Deisiúchán ar uchtbhalla | Ilghnéitheach | Graifítí a bhaint de |
| | | agus Gort an Átháin Bhuí Thiar | | | | | | | | | | | |
| Ciarraí | KY-N72-012 00 | Ag roinnt teorann le Gort an Átháin Bhuí Thoir agus an Ráth Bheag | | Tá | | Tá | | Tá | | Tá | | Tá | |
| Ciarraí | KY-N86-001 00 | Lóthar Canáin | | Tá | Tá | Tá | | Tá | | | | Tá | |
| Ciarraí | KY-N86-002 00 | An Chorrghráig | | Tá | Tá | | | Tá | | | | Tá | |
| Ciarraí | KY-N86-005 00 | Eanach | | Tá | Tá | Tá | | | | Tá | | | |
| Luimneach | LC-N69-005 00 | Ag roinnt teorann le hUrla agus Rinn Choille | | Tá | | Tá | | Tá | | | | | |
| Tiobraid Árann Theas | TS-N24-006 00 | Ag roinnt teorann le Cill Ó Luáin agus Inse na mBráthar | Tá | Tá | | Tá | Tá | Tá | | | | | |